**2ú Meán Fómhair 2024**

**A thuismitheoirí dhil,**

**Bail ó Dhia oraibh.**
**Ta súil agam gur bhain na paistí taitneamh as a bheith ar ais ar scoil an tseachtain seo caite agus go mbeidh bliain mhaith sláintiúil againn le chéile.**
*I hope your child/children enjoyed being back at school last week and that we will have a good healthy year together.*

**Maidir le sábháilteacht scoile:**
- **Iarraim ar thuismitheoirí gan tiomáint isteach ar thalamh na scoile.**
- **Ba chóir cúlú siar sna spásanna ar an mbóthar, díreach taobh amuigh de gheataí na scoile. Ba chóir an cosán a úsáid chun teacht isteach sa scoil.**

*School Safety*
- *Parents are advised not to drive into the school grounds.*
- *Please reverse into the parking spaces directly outside the school gates and follow the footpaths into the school grounds.*

**Fearais ceoil na scoile**
**Iarraim oraibh na fidil, boscaí ceoil, feadógaí mhóra, consairtín agus dord veidhlín ar fad a sheoladh isteach ag an scoil ionas gur féidir linn iad a bhailiú.**
*School Musical Equipment*
*This week we are collecting all the musical instruments the pupils had during the summer holidays. We need all the fiddles, accordions, flutes, concertinas and cellos to be brought to the school during the week.*

**Naíonáin Bheaga**
**Beidh na naíonáin bheaga ag críochnú a lá ar scoil ag 1.40i.n. ón gCéadaoin an 11ú Meán Fómhair. Beidh an lón te acu ar scoil ón lá sin.**
*The Junior Infants school day will finish at 1.40p.m. from Wednesday, the 11th September. Hot lunches will begin on this day and we will send out the menu next week.*

***Féile Cheoil Aireagail Chathair na Mart***
*Beidh Rang a 5 & 6 ag dul ag an Féile Cheoil Aireagail Chathair na Mart san Amharclann i Halla an Bhaile ar an Aoine. Beidh said ag freastal ar cheardlann leis an Matangi Quartet. Táimid ag súil go mbainfidh na páistí sult as.*
***Westport Chamber music festival***
*Rang a 5 &6 will be attending a workshop with the Matangi Quartet in the Town Hall theatre on Friday as part of the Westport Chamber music festival.*

**Síntiús Airgid**
**Thar ceann an Bord Bainistíocha, is mian liom a rá go mbeidh muid ag fiafraigh ar thuismitheoirí síntiús airgid arís i mbliana chun costaisí teasa, solais, fearais, glantacháin, páipéar srl a chlúdú. Tá sé molta i mbliana go n-íocfaidh páiste aonair €40.00, beirt €60.00 agus triúr nó níos mó €75.00 más féidir. Tuigtear cé chomh deacair is a mbíonn na costaisí éagsúla ar thuismitheoirí ag tús na bliana agus mar sin, is féidir libh an síntiús seo a íoc roimh dheireadh mí na Nollag. Is feidir an**

**síntiús seo a íoc tríd an gcóras Aladdin leis an nasc ón oifig. Má bhíonn aon fhadhb ag aon chlann an síntiús iomlán a íoc, is féidir linn teacht ar shocrú éigin.**

*Voluntary Contribution*

*On behalf of the Board of Management, I am suggesting that the parents' voluntary contribution be paid again this year for families who can do so. This basic contribution covers heat, electricity, cleaning materials, toiletries and paper for the entire year. This year the following suggested contribution has been decided upon: €40.00 for one child, €60.00 for two and €75.00 for three or more attending the school. We are aware of the different financial demands on parents at this time of the year, so therefore, parents can pay this contribution any time between now and the end of December. This payment can be made electronically through the Aladdin e-payment system, using the link sent by the office. Should any parents have difficulties with meeting this contribution, please feel free to contact the school.*

**Clár na dTeangacha Nua**

**Tá áthas orm a chur in iúl daoibh go mbeidh Gaelscoil na Cruaiche mar chuid de Chlár na dTeangacha Nua atá á rith ag an Roinn Oideachais arís i mbliana. Beidh R3-R6 ag glacadh páirt sna ranganna Fraicíse seo an mhí seo chugainn.**

*Language Sampler Module*

*I am delighted to inform you that Gaelscoil na Cruaiche has been included to take part in the Language Sampler Module conducted by the Dept. Of Education again this year. R3-R6 will participate in the French classes next month.*

**Aire**

**Mar go bhfuil roinnt ailléirge ag cúpla dalta sa scoil, iarraim oraibh gan aon bhia a sheoladh isteach ar scoil ach amháin lón bhur ngasúir féin. Má tá aon ailléirge ag aon pháiste, iarraim oraibh teagmháil a dhéanamh linn san Oifig chomh luath agus is féidir. Níl sé de chead ag aon dalta a lón a roinnt ar scoil.**

*Attention*

*Several of our pupils have allergies and therefore we ask parents to refrain from sending in any additional food, other than their children's lunches. If your child has any allergies, we ask you to inform us here in the Oifig as soon as possible. Pupils are also requested to refrain from sharing their lunch to ensure the health and safety of all.*

**Árachas Pearsanta**

**Maidir leis an árachas pearsanta i mbliana, beidh foirm le líonadh do gach páiste. Caithfear na foirmeacha a sheoladh isteach ag an scoil i gclúdach litreach le ainm an pháiste air. Níl an scoil ag glacadh le haon airgead i mbliana, ach is féidir é a íoc leis an nasc tríd an gcóras Aladdin. Dúnfar an nasc seo ar an Aoine, 27ú Meán Fómhair. Ní ghlacfar le haon iarrtas i ndiaidh an dáta seo.**

*Personal Insurance*

*The personal insurance forms are being distributed this week to the pupils. If you wish to avail of the insurance, the forms must be filled (one completed for each child) and returned to the school in an envelope, with the child's name clearly marked on it. This can be paid through the Aladdin system. The link will be active until Friday 27th September. Please note: no money or names can be added after this date.*

**Polasaí Ríomhaireachta/Polasaí Gar-Chabhair:**

**Iarraim ar thuismitheoirí na Naíonáin Bheaga a chinntiú go síneofar an foirm ceadaithe maidir le húsáid na ríomhairí sa scoil agus an polasaí gar-chabhair atá ag dul amach an tseachtain seo a sheoladh ar ais ag an scoil chomh luath agus is féidir.**

*Computer Policy/ First Aid Policy Naíonáin Bheaga*

*The parents of the Junior Infants will be receiving the Acceptable Use of Computers in our School and the First Aid Consent forms this week. I ask you to return them to the office as soon as you have filled them out.*

**An t-Acht Cúram Oideachasúla:**

**Is mian liom a mheabhrú daoibh go bhfuil sé de dhualgas nóta a chur ag an scoil má bhíonn bhur bpáistí as láthair. Tá sé de dhualgas ag an scoil na nótaí seo a choinneáil. Thar ceann an Bord Bainistíochta iarraim oraibh a chinntiú nach mbeidh bhur bpáistí as láthair níos mó na fiche lá i rith na bliana. Tá sé de dhualgas ag an scoil an t-eolas seo a chur in iúl don Oifigeach Tinrimh.**
*Education Welfare Act*
*I avail of this opportunity to remind you of the Education Welfare Act, which states that all absences, must be accounted for by a note. These notes are then kept on school records. On behalf of the Board of Management you are asked to ensure that your children attend school as many days as possible. Absences over twenty days in a school year must be reported to the Attendance Officer.*

**Mo bhuíochas libh as ucht bhur dtacaíocht.**
*Thanking you for your continued support.*

**Is mise le meas,**

_________________________

**Petra Ní Ghallachóir (P.O.)**